



An Roinn Oideachais  
Department of Education

# Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile

## Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2026

*Iona n-áirítear:*

### Ciorclán 0056/2022 do Bhunscoileanna, do Scoileanna Speisialta agus d'Iar-bhunscoileanna

Chuig:

- Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta
- Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí in Iar-Bhunscoileanna
- Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

## Clár Ábhair

<b>1. Réamhrá</b>	<b>3</b>
<b>2. Tionchar COVID-19</b>	<b>6</b>
<b>3. Cad ar cheart do scoileanna díriú air le linn FMS?</b>	<b>8</b>
Riachtanais scoile agus córais a chothromú	8
FMS agus folláine	8
FMS agus DEIS	9
FMS agus an Próiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta	9
Cur chuige FMS	9
FMS agus Ag Breathnú ar an Scoil Againne	10
<b>4. An próiseas FMS</b>	<b>11</b>
FMS agus cultúr na scoile	11
Comhoibriú múinteoirí agus ceannaireacht scoile	11
Céimeanna FMS	12
<b>5. Rannpháirtíocht in FMS</b>	<b>15</b>
<b>6. Tacaíochtaí don FMS</b>	<b>17</b>
Leibhéal 1 Tacaíochtaí do FMS	17
Leibhéal 2 FMS agus cigireacht	17
Leibhéal 3 Comhoibriú le scoileanna agus idir scoileanna	18
Am do FMS agus sonraí a bhainistiú	18
<b>7. Ciorclán 0056/2022: FMS Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2016</b>	<b>20</b>
Réamhrá	20
Cúlra	20
An tríú timthriall FMS	21
Cur chuige i leith FMS	22
Tacaíochtaí don FMS	22

---

# 1. Réamhrá

Is próiseas tábhachtach é an féinmheastóireacht scoile (FMS) a bhfuil tionchar aige ar cháilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i scoileanna. Ó tugadh isteach go foirmiúil é i gcóras scoile na hÉireann in 2012, chuaigh scoileanna i ngleic leis an bpróiseas ar bhealaí éagsúla chun gnéithe den teagasc, den fhoghlaim agus den fholláine a chur chun cinn.

In Éirinn, tá FMS deartha mar phróiseas athbhreithnithe comhoibríoch, inmheánach scoile atá dírithe ar fheabhsú scoile. Samhlaítear é mar phróiseas atá bunaithe ar fhaisnéis fhóna, iontaofa ó réimse foinsí agus dearchtaí - lena n-áirítear faisnéis faoi eispéiris foghlama leanaí agus daoine óga agus conas atá ag éirí leo ina gcuid foghlama. Tá sé i gceist freisin gur próiseas ionchuimsitheach, rannpháirteach a bheadh ann ina mbeadh bainistíocht scoile, gach ball foirne, daltaí/scoláirí agus a dtuismitheoirí páirteach<sup>1</sup>. Dá réir sin, is próiseas é a urramaíonn cearta - ag aithint ról na ngeallsealbhóirí sin agus ag éascú a rannpháirtíochta sa phróiseas go gníomhach.

Tacaíonn creat cáilíochta, *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA) 2022*<sup>2</sup> le FMS, a sholáthraíonn sraith critéar nó tuairisceoirí cáilíochta i scoileanna. Go bunúsach, is sraith caighdeán é ABSA, ar féidir le scoileanna machnamh a dhéanamh in a choinne ar cé chomh maith agus atá ag éirí leo.

Ón tús, aithníodh go dtógfadh sé tamall FMS a leabú i gcóras scoile na hÉireann, mar ba léir ó chórais oideachais eile ina bhfuil córais dhea-fhorbartha féinmheastóireachta scoile tagtha chun cinn (ECFE, 2013).<sup>3</sup> Dá bhrí sin, is ábhar misnigh é a fháil amach, i gcás go leor príomhoidí agus múinteoirí de, go bhfuil FMS ag feidhmiú dóibh sa bhliain 2022.<sup>4</sup> Tá tionchar dearfach aige, dar leo, ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar ghnéithe eile de shaol na scoile. Léiríonn obair mheastóireachta agus chomhairleach na Cigireachta i scoileanna ar an gcaoi chéanna go bhfuil go leor scoileanna ag gabháil go rathúil don FMS.

Ar ndóigh, is léir go bhfuil scoileanna ag céimeanna éagsúla ina rannpháirtíocht le FMS. Tá roinnt scoileanna ann nach bhfuil FMS leabaithe go maith iontu go fóill. Ina theannta sin, tá scoileanna ann ina bhfuil scóip ann chun a héifeachtacht agus a tionchar a fheabhsú, cé go bhfuil an próiseas mar chuid de ghnáthobair laethúil na scoile. Agus, i gcás líon mór scoileanna, is cinnte go bhfuil gá le feabhas a chur ar an gcaoi a n-áiríonn siad tuismitheoirí agus, go bunúsach, leanaí agus daoine óga sa phróiseas FMS. Tá go

---

<sup>1</sup> Sa doiciméad seo, tuigtear go n-áirítear tuismitheoirí agus caomhnóirí sa téarma 'tuismitheoir'.

<sup>2</sup> An Roinn Oideachais (2022) *Ag Breathnú ar an Scoil Againne: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta/ d'Iar-bhunscoileanna (2022)*.

<sup>3</sup> Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) (2013) *Synergies for Better Learning: An International Perspective on Evaluation and Assessment*.

<sup>4</sup> Léiríonn suirbhéanna cigireachta (Márta 2022) ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí go bhfuil scoileanna ag fáil amach, go ginearálta, go bhfuil tionchar dearfach ag FMS ar cháilíocht an oideachais a chuireann siad ar fáil.

leor scoileanna ann freisin a bhfuil cultúr FMS scoile uile láidir, comhoibríoch bunaithe acu ina bhfuil an próiseas bunaithe ar fhianaise, ina n-éascaítear rannpháirtíocht bhríoch phobal na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí agus daltaí/scoláirí, agus a bhfuil tionchar dearfach leanúnach ag an FMS ar eispéiris foghlama, ar thorthaí foghlama agus ar fholláine na ndaltaí/scoláirí.

Cuirtear san áireamh sa doiciméad seo, *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026*, an taithí ar FMS go dtí seo agus tugtar comhairle ann conas is féidir le scoileanna FMS a fhorbairt agus a úsáid sna blianta amach romhainn ar bhealach a chinntíonn gur féidir spriocanna scoile agus córais maidir le cothromas, ionchuimsiú, teagasc, foghlaim agus folláine a bhaint amach.

Deartar *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026* chun cabhrú le gach scoil, is cuma cén leibhéal ratha nó dúshláin a bhí acu go dtí seo le FMS, an próiseas a dhéanamh a éifeachtaí agus is féidir chun freastal ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga a bhfreastalaíonn siad orthu. Aithnítear ann gur féidir le FMS ceannaireacht agus bainistíocht scoile a fheabhsú ar bhealach a fheabhsaíonn, dá réir sin, saol na ndaltaí/scoláirí i scoileanna. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh próisis éifeachtacha FMS a bheith i bhfeidhm, i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus an ghá atá ann a chinntiú gur áiteanna sábháilte, ionchuimsitheacha agus fáilteacha iad scoileanna inar féidir le leanaí agus daoine óga bláthú.

Féadfaidh boird bhainistíochta, iontaobhaithe agus comhlachtaí pátrúnachta, príomhoidí, múinteoirí, pearsanra scoile eile, agus/nó tuismitheoirí an doiciméad a úsáid chun tuiscint dhearfach a fháil ar acmhainneacht FMS anois agus sna blianta amach romhainn.

Is doiciméid aonarach é *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026* ina bhfuil Ciorclán 0056/2022 na Roinne Oideachais (Féach [Cuid 7](#)). Leagtar amach ann a bhfuil ag teastáil ó scoileanna maidir le FMS le linn na tréimhse Meán Fómhair 2022- Meitheamh 2026. Moltar do scoileanna an treoir sa doiciméad seo a chur san áireamh agus FMS á pleanáil agus á déanamh acu, agus machnamh á dhéanamh acu ar éifeachtúlacht an phróisis ina gcomhthéacs scoile aonair, agus i gcur i bhfeidhm na riachtanas FMS don tréimhse 2022-2026.

Tá Grafaic Faisnéise FMS do leanaí agus do dhaoine óga ar fáil ar an suíomh idirlín gov.ie.<sup>5</sup> Sa ghrafaic, leagtar amach an próiseas agus na tosaíochtaí FMS agus tugtar comhairle maidir le conas is féidir le scoileanna féachaint chuige go bhfuil leanaí agus daoine óga páirteach sa phróiseas.

Tá *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026* bunaithe ar chúig phríomhchúinsí:

- Tionchar COVID-19

---

<sup>5</sup> Tá Grafaic Faisnéise FMS ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/seirbhis/57c5f2-none/>

- Fócas an FMS
- An próiseas FMS
- Rannpháirtíocht in FMS
- Tacaíochtaí don FMS

Ag deireadh an doiciméid, rianáítear riachtanais na scoileanna maidir leis na chéad chéimeanna eile don FMS sa tréimhse Meán Fómhair 2022 go Meitheamh 2026.

---

## 2. Tionchar COVID-19

Is breithniú tábhachtach láithreach é tionchar COVID-19 ar scoileanna agus ar na leanaí agus na daoine óga atá ag freastal orthu i bpróisis FMS agus is dócha go mbeidh sé ina bhreithniú FMS go leanúnach amach anseo.

Gan amhras, bhí tionchar ag COVID-19 ar an gcóras oideachais ar bhealaí suntasacha.<sup>6</sup> Bhí tionchar diúltach suntasach agus láithreach ag dúnadh scoileanna agus ag an gcur isteach ar fhoghlaim leanaí agus daoine óga, i gcás go leor acu, ar a bhfoghlaim agus ar a ndul chun cinn i roinnt réimsí den churaclam. Ina theannta sin, tá fianaise ann go ndearnadh dochar do scoileanna agus folláine shóisialta agus mhothúchánach leanaí agus daoine óga, agus don dul chun cinn agus don aibiú lena mbímid ag súil de ghnáth maidir lena gcumas agus lena spreagadh chun dul i mbun foghlama.<sup>7</sup>

Is cosúil nach raibh an éifeacht chéanna ag COVID-19 ar gach duine.<sup>8</sup> Cuireadh isteach go díreireach ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus orthu siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Tá grúpa eile leanaí agus daoine óga ann freisin a d'fhéadfaí nach raibh riachtanais bhreise oideachais acu roimhe seo ach a bhfuil siad anois acu mar gheall ar thionchar COVID-19: d'fhág an t-aonrú ó phiaraí agus ó chairde na ndaltaí/scoláirí seo le linn tréimhsí dúnta scoile, agus an lagú a tháinig ar a spreagadh chun foghlama gan gríosadh agus tacaíocht duine le duine óna n-oideachasóirí, go raibh cuid acu ag streachailt chun na gnáthaimh agus na noirm a athbhunú ar cuireadh isteach orthu.<sup>9</sup>

Cé gur lean roinnt scoileanna ar aghaidh ag úsáid agus ag oiriúnú an phróisis FMS chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhain le COVID-19, chuir scoileanna eile a ngnáthphróisis FMS ar sos agus iad ag díriú ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta laethúla a chomhlíonadh agus ar dhúshláin phraiticiúla eile a d'éascair as an bpaindéim.

Agus a bpróisis FMS á n-atosú nó á leanúint ar aghaidh acu, ní mór do scoileanna tionchar COVID-19 ar eispéiris agus ar thorthaí oideachais daltaí/scoláirí, ar a bhfolláine, ar a spreagadh chun foghlama, agus ar a rannpháirtíocht san fhoghlaim a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu. Tá sé tábhachtach go n-úsáidfear an t-eolas a thagann chun cinn d'fhonn eispéiris foghlama, cláir oibre, agus, de réir mar is gá, tacaíochtaí ábhartha a phleanáil chun a chinntiú go gcuirtear ar chumas gach

---

<sup>6</sup> An Roinn Oideachais (2022) *Tuarascáil an Phríomhchigire Meán Fómhair 2016- Nollaig 2020*. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/1b90ce-none/>.

<sup>7</sup> Féach taighde ón Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta ar thionchar COVID-19 ar oideachas ag: [COVID-19 impact on education | ESRI](#). Féach freisin Rao, Nirmala, agus Philip A. Fisher. "The impact of the COVID-19 pandemic on child and adolescent development around the world." *Child Development* 92, uimh. 5 (2021): e738-e748. Ar fáil ag: <https://srcd.onlinelibrary.wiley.com/toc/14678624/2021/92/5>.

<sup>8</sup> *Tuarascáil an Phríomhchigire Meán Fómhair 2016- Nollaig 2020*.

<sup>9</sup> Ibid.

dalta/scoláire bláthú agus dul i ngleic lena gcuid foghlama agus dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh ina leith.

---

## 3. Cad ar cheart do scoileanna díriú air le linn FMS?

### Riachtanais scoile agus córais a chothromú

Chun go mbeidh féinmheastóireacht scoile fíor-éifeachtach, ní mór do scoileanna úinéireacht a ghlacadh ar an bpróiseas. Trí FMS, is féidir le scoileanna a gclár oibre feabhsúcháin féin a mhúnlú trí réimsí tosaíochta forbartha a aithint agus trí phleanáil le haghaidh feabhsúcháin ar bhealach a chuireann a gcomhthéacs uathúil scoile féin san áireamh. Cothrom leis an dearcadh seo, aithnítear go n-oibríonn scoileanna laistigh de chóras riachtanas náisiúnta freisin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cosaint leanaí (lena n-áirítear cosaint leanaí agus frithbhulaíocht) agus folláine. Tá ionchais ann freisin maidir le curaclam, ionchuimsiú agus cothromas, oideachas digiteach, agus oideachas don fhorbairt inbhuanaithe. Go deimhin, sna blianta amach romhainn, beidh ar an bpróiseas FMS a úsáideann scoileanna a bheith solúbtha go leor chun tacú le hathfhorbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach an churaclaim.

Caithfidh FMS a oibríonn do scoileanna na hÉireann spriocanna scoile agus córais a chothromú. Dá réir sin, beidh neamhspleáchas ag scoileanna a roghnú cad atá le déanamh chun a soláthar oideachais a fheabhsú, faoi réir plean FMS a bheith acu a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas:

- Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú
- Spriocanna náisiúnta folláine
- Spriocanna curaclaim náisiúnta amhail iad siúd a bhaineann le curaclam teanga na bunscoile, an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach
- Straitéisí náisiúnta eile lena n-áirítear an [Straitéis Dhigiteach do Scoileanna](#) agus an [Straitéis Náisiúnta um Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe](#).

### FMS agus folláine

Chomh maith leis an ngá láithreach atá ann úsáid a bhaint as FMS chun aghaidh a thabhairt ar thionchar COVID-19 i gcomhthéacsanna scoile aonair, tá an riachtanas gaolmhar ar scoileanna FMS a úsáid chun athbhreithniú agus timthriall forbartha ar chur chun cinn na folláine a thosú. I bhfianaise thionchar COVID-19, rinneadh an tréimhse ama bhunaidh chun an sprioc seo a bhaint amach, atá le fáil in [Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais](#), a leasú i [Ciorclán 0032/2021](#) agus [Ciorclán 0033/2021](#). Is é an riachtanas atá ann anois ná go n-úsáidfidh gach scoil an próiseas FMS chun athbhreithniú agus timthriall forbartha ar chur chun cinn na folláine a thosú faoi 2025.



## FMS agus DEIS

I scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna), is é an próiseas FMS an próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Leanfaidh scoileanna DEIS ar aghaidh ag úsáid an phróisis seo thar phríomhthéamaí DEIS chun a n-acmhainní, idirghabhálacha agus tacaíochtaí ar leith a dhíriú ar leanaí agus ar dhaoine óga atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Iarrtar ar scoileanna DEIS timthriall athbhreithnithe i dtaca le folláine a chur chun cinn agus a fhorbairt a chomhtháthú ina bpleanáil DEIS faoi 2025, ar aon dul le Beartas Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne.

Ba cheart do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a bplean DEIS reatha lena chinntiú go bhfuil sé cothrom le dáta i bhfianaise thionchar COVID-19 nó tosca comhthéacs nua eile. I bhfianaise an athbhreithnithe bhliantúil, ba cheart spriocanna agus idirghabhálacha a choigeartú de réir mar is gá. Ní mór do scoileanna ag deireadh an timthrialla trí bliana ina bpróiseas pleanála DEIS tús a chur le plean nua trí bliana.

## FMS agus an Próiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Mar atá leagtha amach i Ciorclán 0010/2022, éascaíonn féinmheastóireacht scoile do scoileanna atá rannpháirteach sa Phróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta pleanáil agus neartú a dhéanamh ar cháilíocht an tumoideachais sna scoileanna sin.

Ní mór do scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus scoileanna i gceantair Ghaeltachta atá sa chlár DEIS freisin leanúint ar aghaidh ag aithint agus ag athbhreithniú spriocanna agus gníomhartha le feabhsú, agus iad seo a thaifeadadh in aon cháipéis pleanála gníomhaíochta amháin atá lipéadaithe go soiléir. Ba chóir na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas, téamaí DEIS, agus/nó fócas FMS eile na scoile, a chur san áireamh sa phlean gníomhaíochta.

## Cur chuige FMS

Tá FMS bunaithe ar anailís mhachnamhach ar a bhfuil ag obair go maith i scoil agus ar a bhfuil le feabhsú. Má táthar ag díriú ar thosaíochtaí náisiúnta nó ar thosaíochtaí atá sonrath don scoil, is iad seo a leanas na buncheisteanna FMS do scoil i gcónaí:

- Cé chomh maith agus atá ag éirí linn? Conas a bhfuil a fhios againn?
- Cad iad na láidreachtaí atá againn? Conas is féidir linn tógáil ar ár láidreachtaí?
- Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn?
- Conas is féidir linn feabhsú?

Tá sé tábhachtach cur chuige easnamhach i leith FMS a sheachaint. Baineann an próiseas le láidreachtaí agus éachtaí scoile a aithint chomh maith le réimsí atá le

feabhsú. Baineann sé le tógáil ar na rudaí dearfacha chomh maith leis na gníomhartha riachtanacha a dhéanamh chun feabhsú leanúnach a chinntiú.

### **FMS agus Ag Breathnú ar an Scoil Againne**

Mar a tugadh faoi deara sa Réamhrá (Cuid 1), tacaíonn creat cáilíochta, *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA) 2022*,<sup>10</sup> le FMS, ina soláthraítear sraith critéar nó tuairisceoirí cáilíochta i scoileanna. Go bunúsach, is sraith caighdeán é *ABSA* ar féidir le scoileanna machnamh a dhéanamh ina choinne ar cé chomh maith agus atá siad ag feidhmiú maidir le gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim agus den cheannaireacht agus den bhainistíocht.<sup>11</sup> Cuideoidh na diminsin agus na caighdeáin in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022* le bonn eolais a chur faoi bhreithiúnais cheannairí scoile agus múinteoirí maidir le cibé an bhfuil soláthar agus cleachtas atá ann cheana éifeachtach. Is iad na ráitis chleachtais an eochair chun breithiúnais a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus atá gnéithe den tsoláthar agus chun tacú le scoil cinneadh a dhéanamh faoi cad is gá a dhéanamh d'fhonn feabhas a chur orthu.

---

<sup>10</sup> An Roinn Oideachais (2022) *Ag Breathnú ar an Scoil Againne Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta/d'Iar-bhunscoileanna (2022)*

<sup>11</sup> Tugadh LAOS isteach ar dtús in 2016 chun tacú le próisis inmheánacha FMS agus cigireachtaí seachtracha ag Cigireacht na Roinne. Rinneadh é a nuashonrú i 2022 agus tá sé ar fáil [anseo](#).

---

## 4. An próiseas FMS

### FMS agus cultúr na scoile

Is próiseas machnamhach, comhoibríoch, inmhéanach scoile um athbhreithniú agus pleanáil le haghaidh feabhsúcháin comhoibríoch í an fhéinmheastóireacht scoile. Tá cultúr na scoile rithábachtach i leith a chuid ratha. Ní mór cultúr dianmhachnaimh chriticiúil agus fiosrúcháin a neadú agus a úsáid chun cleachtais éifeachtacha a chothú agus chun an scoil a threorú i dtreo feabhsú leanúnach.<sup>12</sup> I measc na bpríomhghnéithe de chultúr tacúil FMS, tá:

- Machnamh leanúnach ag leibhéal múinteora aonair agus foirne comhchoitinne
- Gairmiúlacht múinteoirí
- Cleachtas sa seomra ranga a roinnt
- Measúnú barántúil
- Breathnóireacht forbartha sa seomra ranga
- Aiseolas gairmiúil agus piarfhoghlaim.<sup>13</sup>

Áirítear le cultúr tacúil FMS freisin rannpháirtíocht bharántúil le daltaí/scoláirí agus le tuismitheoirí.

### Comhoibriú múinteoirí agus ceannaireacht scoile

Mar chuid den chultúr meastóireachta seo, ní mór do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí páirt a ghlacadh san fhoghlaim ghairmiúil leanúnach, d'fhonn machnamh aonair nó comhoibríoch a dhéanamh ar a n-eispéiris foghlama gairmiúla.<sup>14</sup> Ar an mbealach seo, cruthaíonn múinteoirí eolas gairmiúil go comhoibríoch trí, mar shampla, machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas agus é a roinnt agus lena n-idirghníomhaíocht leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ag imeachtaí foirmiúla foghlama gairmiúla. Cuirtear ar a gcumas freisin dúshlán a thabhairt do rudaí a rinneadh talamh slán de roimhe seo agus bríonna nua a chruthú.<sup>15</sup> Ní mór tacú le cultúir foghlama gairmiúla den tsórt agus iad a chothú trí cheannaireacht teagaisc ar ardchaighdeán ina soláthraítear leibhéil

---

<sup>12</sup> An Coimisiún Eorpach, Bealtaine 2020 Tuarascáil ó Scoileanna Ghrúpa Oibre ET2020. *Supporting school self-evaluation and development through quality assurance policies: key considerations for policy makers*. Ar fáil ag <https://data.europa.eu/doi/10.2766/02550>

<sup>13</sup> Réamhpháipéar do Sheimineár Na Scoileanna don Ghrúpa Oibre Oideachais agus Oiliúna 2020 maidir le tacú le féinmheastóireacht agus forbairt scoile.

<sup>14</sup> Koh, Kim H., Charlene Tan, agus Pak Tee Ng. "Creating thinking schools through authentic assessment: The case in Singapore." *Educational Assessment, Evaluation and Accountability* 24, uimh. 2 (2012): 135-149.


<sup>15</sup> Timperley, Helen. *Riomhleabhar: Realizing the Power of Professional Learning*. McGraw-Hill Education (RA), 2011.

leordhóthanacha dúshlán agus tacaíochta do mhúinteoirí. Beidh ról tábhachtach ag na seirbhísí tacaíochta freisin maidir le tacú le cultúir foghlama gairmiúla a fhorbairt i scoileanna.

## Céimeanna FMS

Leagtar amach sa léaráid thíos próiseas sé chéim FMS atá in úsáid ag scoileanna ó tugadh FMS isteach i gcóras scoile na hÉireann. Is féidir le scoil an creat seo a úsáid go solúbtha i bhfianaise a fócas ar leith a bhaineann go sonrach le comhthéacs nó le FMS náisiúnta. Mar shampla, d'fhéadfadh scoileanna bogadh go tapa trí chéimeanna níos luaithe an phróisis nó a fháil amach go rollann céim amháin go nádúrtha isteach sa chéad chéim eile. Tá cur chuige den tsórt sin ag teacht go hiomlán leis an smaoineamh gur bealach comhoibríoch oibre é FMS chun láidreachtaí a aithint, chun gníomhartha feabhsúcháin a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhartha sin mar a bhaineann lena dtionchar ar an bhfoghlaim, ar an teagasc agus ar éispéiris na ndaltaí/scoláirí lena n-áirítear a bhfolláine.

**Fócas a aithint:** Déanfar fócas don FMS a shainnithint i gcomhar agus beidh peirspictíochtaí páirtithe éagsúla i gceist leis. Agus fócas sonrach scoilbhunaithe don FMS á aithint, ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil scóip ann chun fiordhifriocht a dhéanamh do ghné shuntasach d'fhoghlaim agus/nó d'fholláine na ndaltaí/scoláirí, cáilíocht an teagaisc, ceannaireacht scoile, agus/nó soláthar do chothromas agus d'ionchuimsiú.



**Bailigh fianaise:** Baileoidh scoil réimse cineálacha éagsúla fianaise nó eolais ag brath ar a fócas FMS. D'fhéadfadh eolas cáilíochtúil a bheith san áireamh anseo amhail aiseolas foirmitheach na múinteoirí ar obair na ndaltaí/scoláirí, dearchtaí na ndaltaí/scoláirí ar a n-eispéiris foghlama, dearchtaí na dtuismitheoirí ar fhoghlaim a leanaí, comhráití proifisiúnta na múinteoirí, nó nótaí ar bhreathnóireachtaí ar chleachtas sna seomraí ranga. D'fhéadfadh sonraí cainníochtúla amhail sonraí measúnaithe, taifid tinrimh, nó torthaí suirbhéanna a bheith san áireamh ann freisin.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil an fhianaise a bhailítear inbhainistithe, úsáideach agus dírithe. Tá sé úsáideach tosú trí bhreathnú ar an bhfianaise atá ar fáil cheana féin sula ndéantar foinsí eile fianaise nó faisnéise féideartha a mheas.

**Anailís agus breithiúnais a dhéanamh:** Is éard atá i gceist le seo ná na snáitheanna éagsúla fianaise nó faisnéise a bhailítear a thabhairt le chéile, príomhthéamaí nó príomhtheachtaireachtaí a eascraíonn as a aithint, agus machnamh ar na torthaí sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí anailís agus machnamh agus tagairt á déanamh do na caighdeáin nó do na tuairisceoirí éifeachtachta atá leagtha amach sa chreat cáilíochta, *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*. Tabharfaidh sé seo léargas maith don scoil ar a láidreachtaí maidir lena fócas FMS, gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le forbairt tuilleadh agus na gníomhartha a theastaíonn chun é seo a dhéanamh.

**Tuairisc agus plean feabhsúcháin a scríobh agus a roinnt:** Is éard atá i gceist leis seo taifead gearr i scríbhinn a dhéanamh ar phríomhthorthaí na céime roimhe seo lena n-áirítear na gníomhartha feabhsúcháin comhaontaithe. Ba cheart spriocanna feabhsúcháin agus gníomhaíochtaí gaolmhara a lua go soiléir ionas go dtuigfead go héasca iad agus ionas gur féidir faireachán éasca a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir lena gcur chun feidhme. Ba chóir tuairisc FMS agus plean feabhsúcháin a ullmhú go bliantúil.

Ba chóir an tuairisc bhliantúil agus an plean feabhsúcháin a roinnt le gach ball den bhord agus leis an bhfoireann. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar an mbealach is fearr chun príomhphointí na tuairisce agus an phlean feabhsúcháin a roinnt le tuismitheoirí agus le daltaí/scoláirí. Ní gá do scoil a tuairisc agus a plean feabhsúcháin a fhoilsiú ar bhonn níos forleithne. Tá sé i gceist gur tacaíocht eolais, pleanála agus forbartha don scoil a bheidh sa doiciméad seo seachas cumarsáid phoiblí níos leithne faoi obair na scoile. Ba chóir go mbeadh cóip den tuairisc agus den phlean feabhsúcháin ar fáil don phátrún ach é a lorg.

**Plean feabhsúcháin a chur i ngníomh; Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus tionchar a mheas:** Tá dlúthbhaint ag an dá chéim seo. Tá sé tábhachtach go léireofaí na gníomhartha a aithníodh, a aontaíodh agus a doiciméadaíodh sna céimeanna FMS go dtí seo ar bhealach praiticiúil sa scoil, lena n-áirítear sna seomraí ranga. Ba cheart go mbeadh soiléireacht ann maidir le freagracht

as cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a comhaontaíodh, an tréimhse ama don chur chun feidhme, agus conas agus cathain a dhéanfar faireachán ar thionchar na ngníomhaíochtaí sin. Is céimeanna ríthábhachtacha iad seo den phróiseas FMS maidir le tionchar a mheas agus a chinntiú, móiminteam feabhsúcháin a chothú, agus rath a cheiliúradh.

---

## 5. Rannpháirtíocht in FMS

Ós rud é gur iarracht phobail scoile uile é an t-oideachas, ba cheart don FMS na comhoibrithe atá ann cheana idir an fhoireann, ceannaireacht scoile, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a shaibhriú agus, sa phróiseas, na comhoibrithe agus na gealltanais sin a dhoimhniú níos mó. Leagtar béim i gCuid 4 ar an tábhacht a bhaineann le cultúr na scoile, comhoibriú múinteoirí agus ceannaireacht scoile san FMS.

Chun a bheith fíor-mheasúil ar chearta, barántúil, ionchuimsitheach agus lena chinntiú go mbíonn tionchar ag FMS, ní mór do phróisis FMS tuairimí na ndaltaí/scoláirí sa scoil agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí a lorg agus aird chuí a thabhairt orthu ar bhealaí bríocha. Chun go mbeidh rannpháirtíocht daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí in FMS fíorbhríoch, ní mór dóibh a fheiceáil conas a cuireadh a dtuairimí san áireamh agus conas a chuaigh siad i bhfeidhm ar na gníomhartha comhaontaithe chun feabhais. Maidir leis seo, tá tábhacht ar leith ag baint le tuairisciú ar ais do dhaltaí/scoláirí agus dá dtuismitheoirí/dá gcaomhnóirí faoi thorthaí an phróisis FMS.

Is féidir réimse cur chuige chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí in FMS a úsáid, mar shampla:

- Suirbhéanna
- Grúpaí fócais
- Rannpháirtíocht le comhairle daltaí/scoláirí/grúpaí daltaí eile sa scoil de réir mar is cuí agus le cumann tuismitheoirí/grúpaí tuismitheoirí eile sa scoil
- Cumarsáid dhigiteach nó cineálacha eile cumarsáide faoi dhul chun cinn agus faoi thorthaí an phróisis FMS

Agus iad ag plé le daltaí/scoláirí le linn FMS, moltar do scoileanna aird a thabhairt ar an *gCreat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht*<sup>16</sup> agus *Foireann Uirlisí Rannpháirtíochta Leanaí agus Óige TUSLA*.<sup>17</sup> Tá siad seo bunaithe ar Shamhail Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí agus ar na ceithre ghné atá leis:<sup>18</sup>

---

<sup>16</sup> Arna fhorbairt ag Hub na nÓg i gcomhar leis an Ollamh Laura Lundy, Ollscoil na Banríona, soláthraíonn an Creat Rannpháirtíochta treoir agus seicliostaí do chinnteoirí maidir leis na céimeanna atá le glacadh chun guth fiúntach a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht. Is féidir teacht air [anseo](#).

<sup>17</sup> Tá 'Foireann Uirlisí Rannpháirtíochta Leanaí agus Óige Tusla' ailínithe le samhail rannpháirtíochta Lundy. Cuimsíonn sé acmhainní agus uirlisí agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le leanaí chun tacú le cur i bhfeidhm gach ceann de na gnéithe de shamhail Lundy. Is féidir teacht air [anseo](#).

<sup>18</sup> Is féidir teacht ar fhorbhreathnú ar na ceithre ghné de shamhail Lundy [anseo](#).

- Spás: Ní mór deiseanna sábháilte, ionchuimsitheacha a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun a dtuairim a chruthú agus a chur in iúl
- Guth: Ní mór leanaí agus daoine óga a éascú chun a dtuairim a chur in iúl
- Lucht féachana: Ní mór éisteacht leis an dearcadh
- Tionchar: Ní mór gníomhú ar an tuairim, de réir mar is cuí.



---

## 6. Tacaíochtaí don FMS

Nuair a rinne an Chigireacht suirbhé ar phríomhoidí scoile agus ar mhúinteoirí i Mí an Mhárta 2022 faoi luach agus tionchar FMS, tháinig go leor torthaí dearfacha chun cinn.

Thug na suirbhéanna sin, mar aon le suirbhéanna ar dhaltaí/scoláirí agus ar thuismitheoirí eolas freisin faoi ghnéithe den FMS ar ghá iad a fhorbairt tuilleadh agus/nó nuair a bhí gá le tuilleadh tacaíochta do scoileanna. Dhá théama a tháinig chun cinn arís agus arís eile ina leith seo ná *sonraí* agus *am a bhainistiú don FMS*. Ina theannta sin, thug torthaí an tsuirbhé chomh maith le hobair chomhairleach agus mheastóireachta na gcigirí le scoileanna le fios go raibh gá, ar an iomlán, le thuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí/scoláirí a bheith rannpháirteach ar bhonn níos iomláine agus níos bríche i bpróisis FMS.

Leagtar amach i gCuid 5 conas is féidir tacú le rannpháirtíocht den tsórt sin. Ina theannta sin, beidh trí leibhéal tacaíochta, mar atá leagtha amach thíos, ar fáil do scoileanna chun cur ar a gcumas a bpróisis FMS a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear sonraí a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

### Leibhéal 1 Tacaíochtaí do FMS

- Seisiúin eolais FMS réigiúnacha na Cigireachta do cheannairí scoile
- Tacaíocht FMS na Cigireachta agus cuairteanna comhairleacha ar scoileanna
- Seimineáir ghréasáin agus cuir i láthair
- Rannpháirtíochtaí comhairleacha le scoileanna maidir le FMS ina gcomhthéacs scoile ar leith - curtha ar fáil ag na seirbhísí tacaíochta múinteoirí agus ag an gCigireacht
- Tacaíocht do scoileanna ó na seirbhísí tacaíochta agus ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022*<sup>19</sup>
- Ábhair chun tacú le FMS, lena n-áirítear ábhair chun tacú le machnamh ar sholáthar do réimsí curaclaim/ábhair ar leith.

### Leibhéal 2 FMS agus cigireacht

- De réir mar a bhaintear amach an fhís don fhéinmheastóireacht scoile, tá scóip ann chun comhlántacht na meastóireachta inmheánaí (FMS) ag scoileanna agus meastóireacht sheachtrach na Cigireachta a neartú. Go hidéalach, agus le

---

<sup>19</sup> Tugadh LAOS isteach ar dtús in 2016 chun tacú le próisis inmheánacha FMS agus cigireachtaí seachtracha ag Cigireacht na Roinne. Rinneadh é a nuashonrú i 2022 agus tá sé ar fáil [anseo](#).

himeacht ama, beidh an idirghníomhaíocht idir FMS agus cigireacht sheachtrach bunaithe ar shreabhadh dhá bhealach faisnéise i bpróiseas foghlama frithpháirtí.

- Mar an chéad chéim, trí mheastóireachtaí scoile uile, cigireachtaí DEIS, meastóireachtaí curaclaim (bunscoileanna), agus cigireachtaí ábhair (iar-bhunscoileanna), leanfaidh cigirí ag cur san áireamh agus ag tuairisciú ar an gcaoi a bhfuil scoileanna ag úsáid FMS/próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS chun teagasc agus foghlaim, folláine, cothromas agus ionchuimsiú ar ardchaighdeán a chur chun cinn. Sa chás go bhfuil FMS leabaithe go maith i scoil, féadfaidh cigirí breithniú a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar thorthaí FMS le linn cigireachtaí.

### Leibhéal 3 Comhoibriú le scoileanna agus idir scoileanna

- *Tionscadal Meastóireachta Comhroinnte don Foghlaim:* Tá an Chigireacht ag cur tús le taighde le príomhoidí scoile agus le príomhoidí tánaisteacha nó eile i róil cheannaireachta i sampla beag scoileanna d'fhonn meastóireacht chomhoibritheach a dhéanamh, ar cháilíocht gné den teagasc agus den foghlaim sa scoil. Ar an gcéad dul síos agus go príomha, tá sé deartha chun tacú le scoileanna sa phróiseas FMS lena n-áirítear bailiú agus anailís sonraí, rannpháirtíocht tuismitheoirí agus daltaí/scoláirí in FMS, torthaí FMS a chur in iúl, agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar gníomhartha feabhsúcháin scoile. Cuideoidh sé freisin le tuiscint na gcigirí ar obair na scoileanna, na ceannaireachta scoile agus tosca comhthéacs scoile a dhoimhniú. Ina theannta sin, cuideoidh an foghlaim ón tionscadal le bonn eolais a chur faoi fhorbairt bhreise tacaíochtaí FMS do scoileanna.
- *Comhoibriú i measc scoileanna:* Tá sé i gceist comhoibriú a chur chun cinn agus tacú leis i measc scoileanna maidir le FMS, ag cur san áireamh an méid a foghlaimíodh ó mhúnláí comhoibrithe ar nós an tionscnaimh Step Up <https://www.stepupproject.ie/>. Maidir leis seo, beidh ról Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) agus Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD) tábhachtach.

### Am do FMS agus sonraí a bhainistiú

Ba chóir do phríomhoidí a chinntiú go gcuirtear dóthain ama ar fáil don phleanáil scoile agus gur cuid lárnach de seo an fhéinmheastóireacht scoile. Ba chóir go n-éascódh am pleanála rannpháirtíocht na foirne teagasc go léir sa phróiseas FMS. Beidh sé tábhachtach do cheannairí scoile an próiseas FMS a choinneáil soláimhsithe dóibh siúd atá páirteach. Éileoidh sé seo pleanáil chúramach chun a chinntiú go n-úsáidtear sonraí reatha chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas. Sula ndéantar cinneadh sonraí nó faisnéis bhreise a bhailiú, moltar duit na nithe seo a leanas a mheas:

- Ábharthacht na sonraí nó na faisnéise breise d'fhócas FMS na scoile
- Más féidir anailís a dhéanamh ar na sonraí nó ar an bhfaisnéis ar bhealach soláimhsithe
- An t-am atá ar fáil go réasúnta le haghaidh FMS.

Ba chóir go mbeadh gníomhartha aitheanta agus comhaontaithe le feabhsú praiticiúil agus infheidhmithe ag gach múinteoir.

---

## 7. Ciorclán 0056/2022: FMS Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2016

### Ciorclán 0056/2022

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí in Iar-Bhunscoileanna

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

### Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2026

#### Réamhrá

Leagtar amach sa Chiorclán seo na riachtanais maidir leis an gcéad timthriall eile FMS a thosóidh i Meán Fómhair 2022. Tagann sé sna sála ar Chiorcláin Bhunscoile 039/2016, 0016/2018, 0040/2020, 0032/2021 agus 0029/2022 agus Ciorcláin Iar-bhunscoile 0040/2016, 0041/2020, 0033/2021 agus 0030/2022, agus a n-eascaíonn astu.

#### Cúlra

Sa chéad timthriall den FMS, 2012-2016, spreagadh scoileanna chun pleananna feabhsúcháin don teagasc agus don fhoghlaim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le béim ar leith ar litearthacht agus uimhearthacht.

Bhí an teagasc agus an fhoghlaim fós mar fhócas sa dara timthriall den FMS, 2016-2020. Spreagadh scoileanna chun úsáid a bhaint as *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/ d'Iarbhunscoileanna* ar mhaithe le tacú lena rannpháirtíocht leis an bpróiseas FMS. Sa dara timthriall FMS seo, bhí méid áirithe solúbthachta ag scoileanna maidir le roghnú na réimsí curaclaim/ ábhair nó na ngnéithe den teagasc agus den fhoghlaim ar mhian leo díriú orthu.

I bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19 i scoileanna, leathnaíodh críochnú an dara timthriall FMS ó 2020 go 2022. Sa dara céim leathnaithe seo, spreagadh scoileanna chun an próiseas FMS a úsáid chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascaíonn as an bpaindéim, an obair atá fágtha ar FMS a chur i gcrích, agus aghaidh a thabhairt ar réimsí a shainaithean an scoil mar thosaíocht.

## An tríú timthriall FMS

Tá dhá chéim sa tríú timthriall de FMS, 2022-2026:

**2022-2023: *Bliain athbhreithnithe*:** I rith na bliana seo, éilítear ar scoileanna:

- An próiseas FMS a úsáid/Leanúint den próiseas FMS a úsáid chun tionchar COVID-19 ar eispéiris agus ar thorthaí oideachais a ndaltaí/scoláirí, ar a bhfolláine, ar a spreagadh chun foghlama, agus ar a rannpháirtíocht san fhoghlaim a aithint agus machnamh a dhéanamh air.

Beidh sé tábhachtach go n-úsáidfear an fhaisnéis a thagann chun cinn chun eispéiris foghlama, cláir oibre, agus, de réir mar is gá, tacaíochtaí ábhartha a phleanáil chun a chinntiú go gcuirtear ar chumas gach linbh agus duine óig, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, bláthú agus dul i ngleic lena gcuid foghlama agus dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh ina leith.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le húsáid an phróisis FMS chun athbhreithniú agus timthriall forbartha ar chur chun cinn na folláine a thionscnamh faoi 2025 mar atá leagtha amach i [Ciorclán 0032/2021](#) agus [Ciorclán 0033/2021](#).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a bpróiseas FMS go dtí seo, é a fhorbairt agus a chomhdhlúthú de réir mar is gá chun a chinntiú go bhfuil sé comhoibritheach, ionchuimsitheach agus go mbíonn tionchar aige.

**2023-2026:** Le linn na tréimhse trí bliana seo, beidh neamhspleáchas ag scoileanna fócas a FMS a roghnú, faoi réir straitéis FMS trí bliana a bheith acu a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas:

- Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú
- Spriocanna náisiúnta folláine
- Spriocanna náisiúnta curaclaim
- Straitéisí náisiúnta eile lena n-áirítear an [Straitéis Dhigiteach do Scoileanna](#) agus an [Straitéis Náisiúnta um Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe](#).

Maidir leis seo, cuirfidh an próiseas FMS ar chumas scoileanna aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs agus athbhreithniú a dhéanamh freisin ar éifeachtacht a soláthair reatha agus ar a thionchar ar fhoghlaim agus ar eispéiris daltaí/scoláirí i gcomhthéacs tosaíochtaí náisiúnta agus spriocanna curaclaim náisiúnta. Cuirfidh sé ar chumas scoileanna gníomhartha a chur i bhfeidhm

chun feabhas a chur ar a soláthar agus ar eispéiris daltaí/scoláirí maidir leis na réimsí sin agus riachtanais náisiúnta beartais agus churaclaim á gcomhlíonadh ag an am céanna.

Is dócha go gcomhlánóidh roinnt réimsí fócais a roghnóidh scoil a chéile. I gcásanna den tsórt sin, beidh an tsolúbthacht ag scoileanna aghaidh a thabhairt ar na réimsí fócais seo i gcomhthráth. I gcásanna eile, féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar réimsí fócais i ndiaidh a chéile trí chur chuige céimnithe a úsáid. Ba chóir go léireodh an plean FMS trí bliana rún na scoile ina leith seo.

Cuirfidh scoileanna DEIS agus scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais don Oideachas Gaeltachta na téamaí thuas san áireamh ina bpróisis pleanála gníomhaíochta DEIS agus ina bpróisis pleanála gníomhaíochta don oideachas Gaeltachta faoi seach.

### Cur chuige i leith FMS

Moltar do scoileanna an treoir i gCodanna 1 go dtí 6 den doiciméad seo a chur san áireamh maidir le FMS a phleanáil agus a stiúradh agus machnamh a dhéanamh ar éifeachtúlacht an phróisis ina gcomhthéacs scoile aonair.

### Tacaíochtaí don FMS

- Tacófar le scoileanna ina bpróisis FMS sa tréimhse 2022-2026 mar atá leagtha amach i gCuid 6
- Leanfar le hacmhainní agus ábhair na Cigireachta chun tacú le FMS a bheith ar fáil ar an suíomh gréasáin um fhéinmheastóireacht scoile ar leith atá ag an gCigireacht
- Leanfaidh cigirí ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le FMS agus chun freagra a thabhairt ar iarratais ar chuirteanna comhairleacha FMS trí sse@education.gov.ie.
- Ba chóir do scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh i *dTionscadal Meastóireachta Comhroinnte don Fhoghlaim* de chuid na Cigireachta ríomhphost a sheoladh chuig sse@education.gov.ie. Ní gá do scoileanna a rinne teagmháil roimhe seo agus a léirigh spéis in oibriú leis an gCigireacht chun cleachtais FMS a fhorbairt ina scoil athiarratas a dhéanamh.

Harold Hislop  
Príomhchigire  
oci@education.gov.ie

Lúnasa 2022